Muintearas
MOL AN POBAL, MOL AN ÓIGE

# Plean Straitéiseach Mhuintearais

## 2026—2029

Meitheamh 2026



# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| 1.0 | Réamhrá | 3 |
| 2.0 | Forbhreathnú Feidhmeannach | 4 |
| 3.0 | Fís, Misean agus Luachanna | 8 |
| 4.0 | Príomh-nithe le díriú orthu i 2026-2029 | 10 |
| 5.0 | Spriocanna Straitéiseacha | 12 |
| 6.0 | Aidhmeanna Straitéiseacha | 13 |
| 7.0 | Rioscaí agus Gníomhartha Maolaithe | 15 |
| 8.0 | Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht | 17 |




# 1 Réamhrá

Tá áthas ar Bhord Stiúrthóirí agus ar Ardbhainistíocht Mhuintearais plean straitéiseach na heagraíochta, a chlúdaíonn an tréimhse ó 2026 go 2029, a chur i láthair. Léirítear sa chreat straitéiseach seo, arna fhorbairt trí phróiseas comhairliúcháin fairsing a tosaíodh ag tús 2025, ionchur agus dearcthaí luachmhara ár bpríomhpháirtithe leasmhara.

Feidhmíonn Muintearas, a oibríonn mar fhochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta, mar eagraíocht ilghnéitheach a speisialaíonn i bhforbairt óige agus forbairt pobail, le béim ar leith ar oideachas agus oiliúint, agus laistigh de chomhthéacs phróiseas pleanála teanga an Stáit. Cuimsíonn ár gcroíréimsí seirbhíse Forbairt Luathóige, Oideachas agus Oiliúint, Forbairt Fiontair Shóisialta, agus Seirbhísí Óige. Tá ceanncheathrú na heagraíochta lonnaithe i dTír an Fhia, Leitir Móir, Contae na Gaillimhe.

Tá dúshláin athraitheacha sa tírdhreach gnó agus rialála comhaimseartha do sholáthraithe seirbhísí luathoideachais, clár óige, agus tionscnamh forbartha pobail. Tá Muintearas diongbháilte ina thiomantas lena sheachadadh seirbhíse agus a chaighdeáin oibríochtúla a chur in oiriúint agus a bhreisiú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin. Is é an cuspóir atá againn sármhaitheas a bhaint amach i soláthar seirbhíse agus cur i bhfeidhm straitéiseach trí lucht saothair ardspreagtha a chothabháil, rannpháirtíocht phobail bhríomhar a chothú le daoine óga, agus cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil.

Tá luach ag Muintearas ar chomhpháirtíochtaí táirgiúla a bhunaigh sé lenár gcomhoibrithe seachtracha éagsúla agus táimid ag súil leanúint leis an rannpháirtíocht chomhoibritheach lenár bpáirtithe leasmhara uilig agus an plean straitéiseach seo á chur i bhfeidhm. Tá a iarrachtaí dírithe freisin ar fhreastal ar an leas is fearr dár bpobail fad is a chuirtear chun cinn cuspóirí níos leithne earnáil na Gaeltachta.

Gabhaimid buíochas ó chroí leis na rannpháirtithe uilig a chur leis an bpróiseas forbartha straitéiseach. Táimid buíoch go háirithe leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta as a maoiniú dírithe chun bunchloch láidir a chur ar fáil don obair óige agus do sheirbhísí óige trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Táimid ag súil le tairbhí na straitéise seo a fheiceáil sna blianta amach romhainn.

Michelle Ní Chróinín
Cathaoirleach

Elaine Scahill
Príomhfheidhmeannach

# 2 Forbhreathnú Feidhmeannach

D’fhorbair an Bord Stiúrthóirí agus an Fhoireann Bhainistíochta an Plean Straitéiseach seo trí shraith chuimsitheach ceardlann straitéiseacha éascaithe, arna chomhlánú le comhairliúchán foirne suntasach agus ionchur comhoibritheach le linn an phróisis.

Léirítear sa phlean straitéiseach trí bliana cuimsitheach ach réadúil seo ár dtiomantas daingean lena chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhíse agus páirtithe leasmhara an tairbhe is mó óna rannpháirtíocht leis an bpunann leathnaithe seirbhísí a sheachadfaidh Muintearas. Dearadh ár dtabhartas seirbhíse breisithe le tacú le forbairt óige, cur chun cinn pobail, agus oiliúint oideachais a sheachadtar trí Ghaeilge ar fud phobal níos leithe na Gaeltachta.

Tá measúnú anailíseach agus scanadh timpeallachta fairsing mar bhunús leis an gcur chuige pleanála straitéisí. Áiríodh sa mheasúnú cuimsitheach scrúdú ar thosca reatha agus a bhfuiltear ag súil leo amach anseo a imríonn tionchar ar thimpeallach oibríochtúil agus fócas straitéiseach Mhuintearais mar sholáthraí ceannasach seirbhísí óige, tionscnamh forbartha pobail, tacaíocht fiontair shóisialta, agus clár oideachais agus oiliúna i réigiún na Gaeltachta.



Bunaíodh creata anailíseacha sa phróiseas forbartha straitéiseach a úsáideadh, lena n-áirítear:

- Anailís SWOT: measúnú córasach ar Láidreachtaí, Laigí Deiseanna agus Bagairtí eagraíochtúla sonrach do chomhthéacs oibríochtúil Mhuintearais
- Anailís Earnála PESTLE: measúnú cuimsitheach ar thosca Polaitiúla, Eacnamaíoch, Sóisialta, Teicneolaíochta, Dlí, agus Comhshaoil a dhéanann difear don earnáil
- Measúnú Riosca: sainaithint agus measúnú ar rioscaí féideartha oibríochtúla agus straitéiseacha

Bhí na huirlisí anailíseacha seo go cnuasaitheach mar bhunús lenár bPlean Straitéiseach trí bliana, ag cinntiú bunchloch láidir fianaisebhunaithe don chinnteoireacht straitéiseach.

Tá an struchtúr seo a leanas ar an gcreat straitéiseach: Cuirtear in iúl i gCuid Trí ár misean, fís, agus croíluachanna eagraíochtúla, agus ina dhiaidh sin ár Spriocanna Straitéiseacha a leagtar amach i gCuid Ceathair. Tacaíonn sraith cuimsitheach de Chuspóirí Straitéiseacha leis na Spriocanna seo, a shainmhínítear go soiléir mar aon lena spriocthorthaí comhfhreagracha i gCuid Cúig.

Éascófar cur i bhfeidhm straitéiseach trí chreata pleanála taisc mionsonraithe, Pleananna Gnó bliantúla, agus próisis athbhreithnithe straitéiseacha rialta a fhorbairt arna ndéanamh ag leibhéal an Bhoird chun cuntasacht agus monatóireacht ar dhul chun cinn a chinntiú.

Ghlac an Bord leis an bPlean deiridh ag a chruinniú ar an 20 Bealtaine 2026.

Michelle Ní Chróinín
Cathaoirleach

Elaine Scahill
Príomhfheidhmeannach



# 2.1 Cúlra agus Struchtúr Eagraíochtúil

Tá láithreacht mharthanach cothaithe ag Muintearas ag freastal ar phobail Ghaeltachta ar fud na hÉireann le níos mó ná dhá scór bliain anuas. Cuimsíonn a phunann seirbhíse cuimsitheach oideachas luathóige, oiliúint agus meantóireacht ghairmiúil, forbairt fiontair shóisialta, cláir oideachais, tionscnaimh forbartha pobail, agus seirbhísí obair óige.

Mar chomhlacht riaracháin ainmnithe, bainistíonn Muintearas clár Campaí Samhraidh Gaeltachta agus oibríonn sé Scéim na gCúntóirí Teanga faoi choimisiúin ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Chomh maith leis sin, seachadann Muintearas cláir obair óige feadh na gceantar Gaeltachta aitheanta uile trí chomhordú agus tacaíocht líonra bunaithe clubanna óige pobalbhunaithe, a bhfuil go leor díobh ag freastal ar a bpobail áitiúla le fada.

**Struchtúr agus Rialachas Corparáideach**

Feidhmíonn Muintearas mar fhochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta, arna struchtúrú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Feidhmíonn an eagraíocht faoi mhaoirseacht straitéiseach Bhord Stiúrthóirí neamhspleách, le foireann bhainistíochta tiomnaithe chun oibríochtaí laethúla a bhainistiú. Cinntíonn an struchtúr rialachais seo neamhspleáchas oibríochtúil agus cuntasacht straitéiseach araon i seachadadh seirbhíse feadh ár réimsí cláir éagsúla.



**Ailíniú Straitéiseach le Cuspóirí Údarás na Gaeltachta**

Feidhmíonn Muintearas mar fhochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta a thacaíonn go díreach le sainordú straitéiseach níos leithne Údarás na Gaeltachta feadh cheithre phríomhréimse:

**Forbairt Eacnamaíoch agus Cosáin Fostaíochta**

- Ceannaireacht óige agus inniúlachtaí gairmiúla a fhorbairt chun tacú le lucht oibre na Gaeltachta
- Oiliúint chreidiúnaithe a thabhairt in obair óige, forbairt pobail, agus fiontar sóisialta chun infhostaitheacht a bhreisiú
- Acmhainneacht a fhorbairt chun fiontar a chruthú trí oiliúint um fhorbairt pobail agus fiontraíocht shóisialta.

**Pleanáil Teanga agus Inbhuanaitheacht Teanga**

- Tacú le Limistéir Phleanála Teanga (LPT) trí sheirbhísí óige agus cláir phobail
- Oiliúint agus oideachas ábhartha a chur ar fáil trí Ghaeilge
- Scéim na gCampaí Samhraidh Gaeltachta agus Scéim na gCúntóirí Teanga a riaradh thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
- Muinín, bród cultúrtha, agus úinéireacht bharántúil ar an nGaeilge i measc daoine óga a chothú.

**Oiliúint Forbartha Pobail agus Bonneagar Oideachais**



- Oiliúint speisialaithe agus deiseanna oideachais a chur ar fáil i modheolaíochtaí forbartha pobail agus fiontraíocht shóisialta
- Acmhainneacht phobail a fhorbairt trí thacaíochtaí oiliúna agus cláir forbartha scileanna
- Bonneagar oideachais a fhorbairt chun tacú le tionscnaimh faoi threoir an phobail agus forbairt fiontair shóisialta

**Forbairt óige agus Inbhuanaitheacht don Todhchaí**

- Bonneagar obair óige a bhunú le freastal ar na glúine atá ag teacht chun cinn
- Cosáin a chruthú do dhaoine óga mar cheannairí pobail don todhchaí
- Marthanacht agus inbhuanaitheacht fadtéarma na bpobal Gaeltachta a chinntiú trí rannpháirtíocht óige

Rannchuidíonn na réimsí seirbhíse seo go cnuasaitheach le caomhnú, cur chun cinn, agus forbairt inbhuanaithe na bpobal Gaeltachta fad is a chinntítear beocht leanúnach na Gaeilge mar shócmhainn phobail bheo.

# 3 Fís, Misean & Croí-Luachanna

## 3.1 Fís

*“Ag Cumasú Pobail, ag Cumasú Óige na Gaeltachta.”*

## 3.2 Misean

*“Pobail bhisiúla Ghaeltachta a neartú agus pobal óg, fuinniúil a chothú trí rannpháirtíocht ghníomhach.”*



# 3.3 Ár gCroí-Luachanna

**Ionracas**
Táimid tiomanta do leanaí ar dtús, don trédhearcacht, gairmiúlacht agus cinnteoireacht eiticiúil agus déanaimid tús áite don rud ceart a dhéanamh.

**Cruthaitheacht**
Foghlaímid ón méid a éiríonn linn a dhéanamh agus an méid a theipeann orainn chun nuálaíocht a chruthú sa cheannaireacht, pobal agus forbairt óige.

**Cuntasacht**
Glacaimid úinéireacht ar ár ngníomhartha le cabhrú chun cultúr muiníne agus comhlíontachta a chothú.

**Oscailteacht**
Cuirimid timpeallacht chun cinn ina bhfáiltítear roimh dhaoine aonair smaointe, tuairimí agus faisnéis a roinnt gan eagla breithiúnais.

**Pobal**
Cuirimid riachtanais agus guth na hóige i gcroílár ár gcinnteoireachta.

**Ionchuimsitheacht**
Cothaímid éagsúlacht agus muintearas.

**Seirbhís Ardchaighdeáin**
Déanaimid iarracht eispéireas bríoch agus cúraim a thabhairt do na daoine ar a fhreastalaímid agus a dtacaímid leo.



# 4 Príomh-Nithe le díriú orthu i 2026-29

Le linn an phróisis phleanála straitéisigh, sainaithníodh agus measúnaíodh in anailís chuimsitheach raon tosca ríthábhachtacha agus treochtaí earnála atá ag teacht chun cinn a mbíonn tionchar suntasach acu ar thimpeallacht oibríochtúil agus treo straitéiseach Mhuintearais. Tugtar achoimre anseo a leanas ar na tosca cinntitheacha seo, a bhí mar bhunús leis an gcinnteoireacht straitéiseach:

## I. Cuspóir Eagraíochtúil agus Croí-Róil

**Príomhfhócas Seirbhíse:** Tá forbairt óige agus cur chun cinn pobail trí chláir oiliúna chuimsitheacha agus seirbhísí tacaíochta spriocdhírithe mar phríomh-shainordú oibríochtúil na heagraíochta

**Ceannaireacht agus Forbairt Acmhainneachta:** Cláir forbartha ceannaireachta speisialaithe agus oiliúint chreidiúnaithe obair óige a sheachadadh chun inniúlachtaí gairmiúla a fhorbairt san earnáil.



**Láithreacht láidir a choinneáil san earnáil oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon.**

- Cumhachtú daoine óga trí oiliúint agus forbairt scileanna.
- Ailíniú le straitéisí obair óige agus pobail náisiúnta agus earnála.
- Tacaíocht do thionscnaimh óige ar fud na Gaeltachta.
- Oiliúint Forbartha Pobail agus oiliúint i bhforbairt fiontair shóisialta a chur ar fáil.

**Rialachas agus Ceannaireacht Chomhlíontachta:** Tacú leis na caighdeáin dea-chleachtais i bprótacail chumhdaigh, comhlíontacht rialála, agus rialachas eagraíochtúil feadh gach réimse oibríochtúil

**Forbairt Eagraíochtúil:** Creata rialachais inmheánacha láidre a bhunú agus trédhearcacht agus cuntasacht eagraíochtúil a bhreisiú ag gach leibhéal oibríochtúil chun seachadadh seirbhíse éifeachtach agus muinín pháirtithe leasmhara a chinntiú.

## II. Tírdhreach Beartais

- Sainaithin saincheisteanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu.
- Rannpháirtíocht pháirtí leasmhar ghníomhach i bhforbairt beartais chun tionchar a imirt ar na hearnálacha obair óige agus forbartha pobail.

**Díriú ar an Earnáil Obair Óige níos Leithne**

- Daoine óga a fhorbairt agus a chumhachtú.
- Ceannairí pobail Gaeltachta a chruthú don todhchaí

**Straitéis Leathnaithe Náisiúnta**

- Forbairt agus aistriú chuig seirbhís ar fud na Gaeltachta.
- Leathnaigh thar Chonamara agus Dún na nGall chun seirbhísí a chur ar fáil ar leibhéal náisiúnta.
- Acmhainní a bhogadh ó sheirbhísí áitiúla chun creat náisiúnta níos inbhuanaithe a chruthú.
- Cruth nua a chur ar chultúr eagraíochtúil, ag díriú ar shamhail don todhchaí, atá céimnitheach.

## III. Maoiniú agus Straitéis Airgeadais

- Cuirtear maoiniú ar fáil faoi láthair tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta trí Údarás na Gaeltachta.
- Teastaíonn méadú réadúil ach suntasach chun oibríochtaí a chothú agus a leathnú.
- Ba cheart iarratais ar mhaoiniú a struchtúrú trí bhonn cirt chás gnó, ag díriú ar an méid a leanas:
    - Comhaontuithe maoinithe óige trí bliana.
    - Maoiniú caipitil do bhonneagar agus leathnú.
- Foinsí maoinithe a éagsúlú, lena n-áirítear:
    - Croí-mhaoiniú ó Údarás na Gaeltachta.
    - Scéimeanna teanga agus óige rannacha.
    - Sruthanna nua maoinithe a fhorbairt.
    - Maoiniú clárbhunaithe trí Údarás na Gaeltachta chun soláthar seirbhíse a bhreisiú.

## IV. Athbhrandáil agus Aitheantas Eagraíochtúil

- Teastaíonn ailíniú branda straitéiseach chun sainordú na heagraíochta a léiriú, atá ag forbairt, agus punann seirbhíse a leathnú i gcomhthéacsanna forbartha pobail comhaimseartha.

  Ní mór go léireodh an branda eagraíochtúil a croí-réimsí fócais, cumhachtú óige, sármhaitheas oideachais, agus forbairt ceannaireachta (fad is a choinnítear naisc láidre le haitheantas agus luachanna Gaeltachta). Ba cheart go dtacódh tionscnaimh athbhrandála chuimsitheacha le hiarrachtaí athstruchtúrtha eagraíochtúla leanúnacha a bhreisíonn infheictheacht agus tionchar pobail intomhaiste ar feadh na réimsí seachadta seirbhíse ar fad.



# 5 Spriocanna Straitéiseacha

Tá cúig phríomhsprioc straitéiseacha sainaitheanta ag Muintearas a chabhróidh chun an Eagraíocht a thiomáint feadh amlíne trí bliana na straitéise seo. Tacaíonn roinnt cuspóirí agus tionscnamh straitéiseacha le gach sprioc a dearadh le tacú le Muintearas agus an straitéis seo á seachadadh.

**SPRIOC 1**
Forbair an bonneagar chun rochtan a chinntiú ar obair óige d'ard chaighdeán trí Ghaeilge.

**SPRIOC 2**
Cláir, cúrsaí, seirbhísí agus deiseanna áineasa a chur ar fáil do phobail Ghaeltachta.

**Ár bhFÍS**

Ag cumasú pobail, ag cumasú óige na Gaeltachta

**SPRIOC 3**
Tacú le fiontraíocht shóisialta, forbairt pobail agus oideachas luathbhlianta trí thacaíochtaí, seirbhísí, oiliúint agus oideachas a chur ar fáil.

**SPRIOC 4**
Breisiú Eagraíochtúil agus Forbairt Branda a neartú

**SPRIOC 5**
Creat comhlíontachta, beartais agus airgeadais éifeachtach a chothabháil.

Fíor 1.0 – Spriocanna Straitéiseacha Mhuintearais

Tá sraith fhairsing shainithe de chuspóirí agus tionscnaimh straitéiseacha ag Muintearas le tacú le seachadadh gach ceann dá chúig sprioc sna trí bliana amach romhainn. Tá na céimeanna sainaitheanta ag Muintearas is gá a ghlacadh chun gach cuspóir a bhaint amach thar shaolré an phlean, agus tá an Eagraíocht tiomanta do na hacmhainní a theastaíonn a lorg agus a shannadh chun ár spriocanna a bhaint amach maidir le gach cuspóir.



# 6 Aidhmeanna Straitéiseacha

**Sprioc a haon:** Forbair an bonneagar chun rochtan a chinntiú ar obair óige d'ard chaighdeán trí Ghaeilge.

1. Muintearas a bhunú mar an eagraíocht náisiúnta don obair óige sa Ghaeltacht.
2. Soláthar seirbhíse Mhuintearais a leathnú chuig gach Limistéir Pleanála Teanga (LPT).
3. Tionól Óige ar fud na nGaeltachtaí a bhunú le hionadaithe ó gach Limistéir Phleanála Teanga (LPT).
4. Guth na hÓige a chomhtháthú i bpleanála agus seachadadh seirbhíse.

**Sprioc a dó:** Cláir, cúrsaí, seirbhísí agus deiseanna áineasa a chur ar fáil do phobail Ghaeltachta

1. Acmhainní maoinithe leordhóthanacha a chinntiú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.
2. Plean nuálach um cheannaireacht óige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Ghaeltacht.
3. Forbair agus cuir i bhfeidhm plean gníomhaíochta don fhorbairt pobail agus oiliúint fiontair shóisialta sa Ghaeltacht.
4. Déan tuilleadh forbartha ar sheirbhísí le tacú le fiontair shóisialta agus iad a chothú.

## **Sprioc a trí:** Tacú le fiontraíocht shóisialta, forbairt pobail agus oideachas luathbhlianta trí thacaíochtaí, seirbhísí, oiliúint agus oideachas a chur ar fáil

1. Acmhainní a shlánú agus a fhorbairt chun fiontair shóisialta, forbairt pobail agus oideachas luathbhlianta a oiliúint agus a fhorbairt.
2. Muintearas a chothú agus a fhorbairt mar chomhlacht oiliúna náisiúnta arna aithint ag QQI.
3. Clár oiliúna faofa ag QQI a fhorbairt don Obair Óige trí Ghaeilge agus Creat Cáilíochta Náisiúnta don Obair Óige Gaeltachta a bhunú.
4. Uasmhéadaigh cumas an gteic mar mhol don fhiontar agus mar acmhainn don Oiliúint agus Forbairt Pobail.

## Sprioc a ceathair: Breisiú Eagraíochtúil agus Forbairt Branda

### Príomhthionscnaimh Straitéiseacha:

1. **Nuachóiriú Branda** Cuir athnuachan branda cuimsitheach i bhfeidhm chun ról athraitheach agus tabhartais seirbhíse chomhaimseartha na heagraíochta a léiriú
2. **Athfhorbairt agus Seoladh Suímh Ghréasáin** Cruthaigh agus úsáid suíomh gréasáin athdheartha, dírithe ar an úsáideoir a thaispeánann go héifeachtach an t-aitheantas branda athnuaite agus a bhreisíonn rannpháirtíocht dhigiteach
3. **Forbairt ar Straitéis Mhargaíochta** Ceap agus cuir i bhfeidhm plean margaíochta spriocdhírithe chun sofheictheacht eagraíochtúil a leathnú, feasacht páirtithe leasmhara a mhéadú, agus aitheantas pobail a neartú
4. **Cur i bhfeidhm Straitéise Cumarsáide** Dear agus úsáid creat cumarsáide comhtháite a chinnteoidh teachtaireachtaí comhsheasmhach agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara éifeachtach feadh gach cainéal
5. **Comhtháthú Branda Feadh Oibríochtaí** An t-aitheantas branda athnuaite a leabú go córasach ar fud na gcóras eagraíochtúil, na dtabhartas seirbhíse, agus na gníomhaíochtaí cláir atá ann cheana chun ionadaíocht bhranda chomhsheasmhach a chinntiú

Dearadh na tionscnaimh seo chun acmhainneacht eagraíochtúil a neartú, próifíl phoiblí a bhreisiú, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fheabhsú fad is a thacaítear le cuspóirí straitéiseacha níos leithne a bhaint amach.

## Sprioc a cúig: Creat Comhlíontachta, Beartais agus Airgeadais Éifeachtach a Chothabháil

1. Aonad cumhdaigh a chothabháil de réir an dea-chleachtais, an tseirbhís oiliúna a leathnú agus comhlíontacht a choinneáil leis an reachtaíocht um chosaint leanaí.
2. Acmhainn a dhéanamh den Aonad cumhdaigh a bheidh ar fáil d’eagraíochtaí pobail uilig na Gaeltachta.
3. Forbair agus cuir i bhfeidhm creat maidir le cultúr dearfach san ionad oibre.
4. Forbair agus cothaigh Creat oibríochtaí agus comhlíontachta láidir.
5. Forbair agus Cuir i bhFeidhm Beartas agus Spriocanna ESG.
6. Forbair agus cothaigh inbhuanaitheacht airgeadais.
7. Forbair agus cuir i bhfeidhm creata agus beartais TF oiriúnacha.
8. Forbair agus seol Deais Tionchair Óige ar fud na Gaeltachta do thuairisciú arna thiomáint ag sonraí.

# 7 Rioscaí agus Gníomhartha Maolaithe

Le linn an phróisis phleanála straitéisigh, rinneadh measúnú riosca cuimsitheach chun tosca féideartha a shainaithint a d’fhéadfadh drochthionchar a imirt ar chur i bhfeidhm rathúil ár gcuspóirí straitéiseacha. Rinneadh measúnú ar na rioscaí seo agus cuirfear gníomhartha maolaithe iomchuí i bhfeidhm go luath. Bainisteofar iad seo agus déanfar monatóireacht orthu tríd an struchtúr maoirseachta um bainistiú riosca inmheánach.

| | Riosca | Gníomhartha Maolaithe |
|---|---|---|
| 1 | **Gan dóthain acmhainní a bheith ar fáil chun an plean a chur i bhfeidhm go hiomlán.** | Plean acmhainní agus buiséid bliantúil a ullmhú agus ceadú a fháil ón mBord. |
| | | Maoiniú a lorg agus príomh-chomhpháirtíochtaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna straitéiseacha. |
| | | An fhoireann agus na comhpháirtithe a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna straitéiseacha a earcú. |
| 2 | **Moill i seachadadh, glacadh leathan ó pháirtithe leasmhara leis an mbranda nua** | Ullmhaigh amlíne réadúil chun an branda a ghlacadh agus ullmhaigh plean lena chur i bhfeidhm. |
| | | Ailínigh na garspriocanna ábhartha laistigh den straitéis le glacadh branda. |
| | | Cinntigh comhairliúchán minic le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. |
| 3 | **Ní shlánaítear an maoiniú riachtanach le bheith in ann cuspóirí na straitéise a shásamh** | Ullmhaigh iarratais ar mhaoiniú agus aighneachtaí le maoinitheoirí go tráthúil. |
| | | Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt. |
| | | Oibriú go réamhghníomhach le maoinitheoirí. |
| | | Maoiniú breise agus comhpháirtithe straitéiseacha a lorg nuair is gá. |

| | Riosca | Gníomhartha Maolaithe |
|---|---|---|
| 4 | **Deacracht ag earcú pearsanra cáilithe le líofacht sa Ghaeilge** | Úsáid gníomhaireachtaí agus teagmhálacha tionscail le cabhrú le tacú leis an bpróiseas earcaíochta. |
| | | Lean ar aghaidh ag obair ar chultúr an ionaid oibre agus forbairt foirne / CPD agus déan áit tharraingteach den Eagraíocht le hobair inti. |
| | | Cothaigh beartais choinneála foirne iomchuí. |
| | | Forbair agus seachaid cúrsaí a aithníonn QQI san earnáil obair óige agus luathóige trí Ghaeilge. |
| 5 | **Sárú Rialála / Damáiste Clú** | Cinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta sábháilteachta leordhóthanacha i bhfeidhm. |
| | | An oiliúint riachtanach uilig a chur ar fáil. |
| | | Lean ar aghaidh ag cur i bhfeidhm córais iomchuí um bainistiú riosca chomh maith le próiseas chun rioscaí aonair a shainaithint agus a mhaolú. |
| | | Tacú le cultúr bunaithe ar luachanna ina léirítear beartais agus nósanna imeachta inár ngníomhartha. |
| 6 | **Titim ar éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge** | Dul i gcomhairle go rialta le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe chun éileamh ar sheirbhísí a thomhas agus an tabhartas seirbhíse a ailíniú le treochtaí, dea-chleachtas agus tosaíochtaí beartais náisiúnta. |
| | | Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe chun aiseolas a fháil i ndáil le cáilíocht agus sástacht lenár seachadadh seirbhíse. |
| | | Margaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí go leanúnach ag díriú ar ár tairiscint agus láidreachtaí uathúla. |
| 7 | **Níltear in ann an t-éileamh ar sheirbhísí óige, oideachais agus oiliúna a shásamh** | Cinntigh go leithdháiltear dóthain pleanála agus acmhainní roimh ré. |
| | | Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile i gcás inar iomchuí. |
| | | Maoiniú a lorg go réamhghníomhach chun pleananna a acmhainniú |

*Figiúir 2 Plean Maolaithe Riosca*

# 8 Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Tá liosta tionscnamh straitéiseacha sainaitheanta ag Muintearas a theastaíonn chun seachadadh na spriocthorthaí maidir le gach cuspóir straitéiseach sa phlean seo a chumasú. Leagtar amach na tionscnaimh agus na tascanna seo agus cothaítear iad i bplean cur i bhfeidhm mionsonraithe. Tacóidh an Bord leis an bhfoireann bainistíochta chun na hacmhainní, fisiciúla, cláir agus airgeadais, a shlánú a theastaíonn chun na tascanna sin a dhéanamh laistigh de na hamlínte sainithe.

Déanfaidh an Bord monatóireacht rialta ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm an phlean, maolú riosca agus gníomhartha lena mbaineann le linn shaolré an Phlean Straitéisigh, ag úsáid bearta KPI agus cáilíochtúla, agus déanfaidh an Bord athbhreithniú foirmiúil ar an bplean go bliantúil.



## Aguisín (i) Plean Gnímh

**Sprioc a haon:** Forbair an bonneagar chun rochtan a chinntiú ar obair óige d'ard chaighdeán trí Ghaeilge:

| Aidhmeanna Straitéiseacha | Toradh inmhianaithe / spriocthoradh | Úinéireacht | Amlíne | KPI / Beart | Sásra Faireacháin Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|
| i) Muintearas a bhunú mar an eagraíocht náisiúnta don obair óige sa Ghaeltacht. | Maoiniú trí bliana faighte chun bonneagar obair óige inmharthana a bhunú sa Ghaeltacht.<br><br>Bonneagar obair óige á sheachadadh de réir an phlean. | Feidhmeannas | Maoiniú agus tosú an tionscadail faoi R1 2026. | • Maoiniú Faighte<br>• Doiciméad Tosaithe Tionscadail le spriocanna sainmhínithe.<br>• An phríomhfhoireann earcaithe. | • Tuairiscithe rialta chuig an mBord<br><br>• Tuairisciú chuig Coiste Stiúrtha Tionscadail (Rannpháirteach freisin) |
| ii) Soláthar seirbhíse a leathnú chuig gach Limistéir Phleanála Teanga (LPT). | Obair óige ar siúl sna 26 LPT uilig. | Feidhmeannas | Leanúnach go dtí 2030 | • Naisc a bhunú le hOPTanna chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gach plean LPT.<br>• Tuarascáil um Anailís Bearnaí maidir le gach seirbhís in LPTanna.<br>• Plean gníomhaíochta ullmhaithe maidir le seirbhísí óige a fhorbairt. | Tuairisciú tréimhsiúil. |
| iii) Tionól Óige ar fud na nGaeltachtaí a bhunú le hionadaithe ó na 26 LPT uilig. | Ardán a chur ar fáil d'óige na Gaeltachta chun ionchur a bheith acu i mbeartais óige náisiúnta. | Feidhmeannas | R3 2027 | • Tionól Óige ar fud na nGaeltachtaí a bhunú agus a oibriú go héifeachtach. | Tuairisciú tréimhsiúil. |
| iv) Guth na hÓige a chomhtháthú i bpleanáil agus seachadadh seirbhíse. | Tá guth ag daoine óga feadh gach gné de Mhuintearas. | Feidhmeannas | Leanúnach | • Forbair plean chun guth na hóige a chomhtháthú agus cinntiú go mbíonn rannpháirtíocht na hóige laistigh dá struchtúir agus oibríochtaí rialachais. | Tuairisciú tréimhsiúil. |

**Sprioc a dó:** Cláir, cúrsaí, seirbhísí agus deiseanna áineasa a chur ar fáil do Phobail Ghaeltachta:

| Aidhmeanna Straitéiseacha | Toradh inmhianaithe / spriocthoradh | Úinéireacht | Amlíne | KPI / Beart | Sásra Faireacháin Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|
| i) Acmhainní maoinithe leordhóthanacha a chinntiú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. | Cláir le hacmhainní leordhóthanacha (*3) ag rith go héifeachtúil. | Feidhmeannas | Maoiniú reatha do dhá thionscadal leithdháilte go dtí Meitheamh 2028.<br><br>Slánaigh maoiniú don tréimhse 2028-2029. | • Príomhbhaill foirne fostaithe feadh gach clár.<br>• Costais phárolla.<br>• Méadú ar an líon scoileanna atá rannpháirteach.<br>• Méadú ar an líon deontas do champaí samhraidh a leithdháileadh. | • Ceadú Boird maidir le hoibriú scéimeanna.<br>• Tuarascálacha rialta ón bhFeidhmeannas chuig an mBord. |
| ii) Plean nuálach um cheannaireacht óige a fhorbairt don Ghaeltacht. | Tá an plean maoinithe agus á chur ar fáil go rathúil. | Feidhmeannas /Údarás na Gaeltachta | Bliain 2/3 | • Tá an plean forbartha agus iarratas maoinithe curtha faoi bhráid an Údaráis.<br>• Maoiniú faighte. | • Nuashonrú tréimhsiúil chuig an mBord. |
| iii) Forbair plean straitéiseach don fhorbairt pobail agus oiliúint fiontair shóisialta sa Ghaeltacht. | Tá an plean maoinithe agus á chur ar fáil go rathúil. | Feidhmeannas /Údarás na Gaeltachta | Bliain 2/3 | • Tá an plean forbartha agus iarratas maoinithe curtha faoi bhráid an Údaráis.<br>• Maoiniú faighte. | • Nuashonrú tréimhsiúil chuig an mBord. |
| iv) Déan tuilleadh forbartha ar sheirbhísí le tacú le fiontair shóisialta agus iad a chothú. | Tá an plean maoinithe agus á chur ar fáil go rathúil. | Feidhmeannas | Bliain 2/3 | • Tá an plean forbartha agus iarratas maoinithe curtha faoi bhráid an Údaráis.<br>• Maoiniú faighte. | • Nuashonruithe tréimhsiúla chuig an mBord. |

**Sprioc a trí:** Oiliúint i seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil i réimsí na fiontraíochta sóisialta, na forbartha pobail agus an oideachais luathbhlianta

| Aidhmeanna Straitéiseacha | Toradh inmhianaithe / spriocthoradh | Úinéireacht | Amlíne | KPI / Beart | Sásra Faireacháin Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|
| i) Acmhainní a shlánú agus a fhorbairt chun fiontair shóisialta, forbairt pobail agus oideachas luathbhlianta a oiliúint agus a fhorbairt. | Acmhainneacht oiliúna a theastaíonn forbartha agus i bhfeidhm. | Feidhmeannas /Údarás na Gaeltachta | Athbhreithnigh go bliantúil | • Maoiniú faighte chun acmhainní a earcú.<br>• Baill foirne tiomanta earcaithe.<br>• Tuarascáil cháilíochtúil.<br>• Forbair plean oibre ina mbeidh plean margaíochta d'fhiontair shóisialta (caifé, oiliúint agus gteic).<br>• Déan teagmháil le BOOnna agus soláthraithe oideachais ábhartha sna contaetha Gaeltachta chun naisc chomhpháirtíochta a bhunú.<br>• Mic léinn / cleachtóirí rannpháirteach i gcúrsaí. | Nuashonruithe tréimhsiúla chuig an mBord. |
| ii) Muintearas a chothú agus a fhorbairt mar chomhlacht oiliúna náisiúnta arna aithint ag QQI. | Seachadadh leanúnach chúrsaí ar leibhéal QQI do phobal na Gaeltachta. | Feidhmeannas | Bliain 2-3 chun cúrsaí ar leibhéal QQI a sheachadadh | • Bailíochtú a fháil ó QQI maidir le cúrsaí beartaithe.<br>• Baill foirne tiomanta earcaithe.<br>• Tuarascáil cháilíochtúil.<br>• Mic léinn rannpháirteach i gcúrsaí. | Ceadaigh beartais QQI.<br><br>Nuashonruithe tréimhsiúla chuig an mBord. |
| iii) Clár oiliúna faofa ag QQI a fhorbairt don Obair Óige trí Ghaeilge agus comhoibriú leis an Roinn Oideachais & Óige chun an Creat Cáilíochta Náisiúnta don Obair Óige a uasdátú agus a chur in oiriúint don chomhthéacs Gaeltachta. | Muintearas aitheanta mar phríomhchomhlacht oiliúna Obair Óige na Gaeltachta. | Feidhmeannas | Bliain 2-3 | • Bailíochtú a fháil maidir le cúrsaí oiliúna obair óige.<br>• An phríomhfhoireann earcaithe.<br>• An Creat Cáilíochta Náisiúnta don Obair Óige cothrom le dáta agus curtha in oiriúint don chomhthéacs Gaeltachta.<br>• Oibrithe óige oilte agus ag obair sa Ghaeltacht. | Ceadaigh beartais QQI.<br><br>Nuashonruithe tréimhsiúla chuig an mBord. |
| iv) Uasmhéadaigh cumas an gteic mar mhol don fhiontar agus mar acmhainn don Oiliúint agus Forbairt Pobail. | Slánaigh sruth ioncaim ó gteic. Comhtháthú / rannpháirtíocht leis an bpobal. | Feidhmeannas | Deireadh 2026 | • Comhaontú nua i bhfeidhm.<br>• Tá an plean margaíochta forbartha agus á chur i bhfeidhm. | Tuairisciú tréimhsiúil. |

**Sprioc a ceathair:** Breisiú Eagraíochtúil agus Forbairt Branda

| Aidhmeanna Straitéiseacha | Toradh inmhianaithe / spriocthoradh | Úinéireacht | Amlíne | KPI / Beart | Sásra Faireacháin Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|
| i) Nuachóiriú Branda. Athnuachan cuimsitheach branda a chur i bhfeidhm chun ról athraitheach agus tabhartais seirbhíse chomhaimseartha na heagraíochta a léiriú. | Branda glactha. | Feidhmeannas / Bord | Branda glactha agus seolta faoi dheireadh R2 2026. | • Branda comhaontaithe i bhfeidhm. | Ceadaíonn an Bord an próiseas agus bíonn siad rannpháirteach nuair is gá.<br><br>Ceadaíonn an Bord agus maoirsíonn sé glacadh an bhranda. |
| ii) Athfhorbairt agus seoladh suímh ghréasáin. Cruthaigh agus úsáid suíomh gréasáin athdheartha, dírithe ar an úsáideoir a thaispeánann go héifeachtach an t-aitheantas branda athnuaite agus a bhreisíonn rannpháirtíocht dhigiteach. | Suíomh gréasáin oiriúnach don fheidhm i bhfeidhm. | Feidhmeannas | Suíomh gréasáin forbartha agus seolta faoi R2 2026. | • Suíomh gréasáin i bhfeidhm. Anailísíocht suímh ghréasáin in úsáid. | Ceadú réamhsheolta. |
| iii) Forbairt ar straitéis mhargaíochta. Ceap agus cuir i bhfeidhm plean margaíochta spriocdhírithe chun sofheictheacht eagraíochtúil a leathnú, feasacht páirtithe leasmhara a mhéadú, agus aitheantas pobail a neartú. | Tá an Plean Margaíochta i bhfeidhm agus curtha i bhfeidhm. | Feidhmeannas | Plean margaíochta forbartha agus i bhfeidhm faoi R3 2026. | • KPInna ón bPlean Margaíochta. | Tuairisciú rialta chuig an mBord. |
| iv) Cur i bhfeidhm Straitéise Cumarsáide. Dear agus úsáid creat cumarsáide comhtháite a chinnteoidh teachtaireachtaí comhsheasmhacha agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara éifeachtach feadh gach cainéal. | Muinín agus trédhearcacht a mbeidh caidreamh poiblí níos fearr dá thoradh. Straitéis glactha agus curtha i bhfeidhm go hiomlán. | Feidhmeannas | Plean Cumarsáide ceadaithe faoi R3 2026. | • Plean glactha. Cur i bhfeidhm beart ina dhiaidh sin. | Ceadú Boird ar bheartas cásanna criticiúla.<br><br>Nuashonruithe rialta chuig an mBord. |
| v) Comhtháthú branda feadh oibríochtaí. An branda athnuaite a leabú go córasach ar fud na gcóras eagraíochtúil, na dtabhartas seirbhíse, agus na ngníomhaíochtaí cláir atá ann cheana chun ionadaíocht bhranda chomhsheasmhach a chinntiú. | Branda comhtháite feadh gach córas. | Feidhmeannas | Leanúnach ar feadh shaolré na straitéise. | • Branda sofheicthe feadh gach córas. | Nuashonruithe chuig an mBord. |

**Sprioc a cúig:** Creat comhlíontachta, beartais agus airgeadais éifeachtach a chinntiú agus a chothabháil

| **Aidhmeanna Straitéiseacha** | **Toradh inmhianaithe / spriocthoradh** | **Úinéireacht** | **Amlíne** | **KPI / Beart** | **Sásra Faireacháin Bhoird** |
|---|---|---|---|---|---|
| **i)Aonad Cumhdaigh a chothabháil de réir an dea-chleachtais, an tseirbhís oiliúna a leathnú agus comhlíontacht a choinneáil leis an reachtaíocht um chosaint leanaí.** | Beartais um chosaint agus choimirce leanaí i bhfeidhm agus comhlíontach.<br><br>Oiliúint agus tacaíocht Chumhdaigh sainithe d'eagraíochtaí Gaeltachta ar bun.<br><br>Baintear amach caighdeáin chumhdaigh ag gach leibhéal den Eagraíocht. | Oifigeach Cumhdaigh | Leanúnach | • Tuarascálacha um Measúnú Comhlíontachta.<br>• Foireann Ábhartha Oilte sa réimse seo.<br>• Cothaigh croíghrúpa oiliúnóirí teastasaithe sa chumhdach laistigh de Mhuintearas. | Tuarascáil Bhliantúil Fhoirmiúil um Chumhdach chuig an mBord Nuashonraigh tuarascálacha don Bhord de réir mar is gá |
| **ii) Acmhainn a dhéanamh den Aonad cumhdaigh a bheidh ar fáil d'eagraíochtaí pobail uilig na Gaeltachta.** | Aistriú chuig mol Cumhdaigh ar fud na Gaeltachta chun oiliúint a chur ar gach eagraíocht pobail Gaeltachta. | Oifigeach Cumhdaigh | Leanúnach | • Oiliúint um chumhdach á sheachadadh do gach eagraíocht pobail sa Ghaeltacht. | Tuairisciú tréimhsiúil. |
| **iii) Forbair agus cuir i bhfeidhm creat maidir le cultúr dearfach san ionad oibre.** | An fhoireann ag obair go comhoibritheach, ag tacú le muinín agus feidhmíocht, agus ag léiriú an bhranda ón taobh istigh amach. | Bord / Feidhmeannas | Leanúnach | • Próisis chumarsáide foirne i bhfeidhm.<br>• Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha i bhfeidhm.<br>• Riachtanais oiliúna na foirne sainaitheanta agus plean tacaíochta i bhfeidhm. | Nuashonruithe tréimhsiúla chuig an mBord. |
| **iv) Forbair agus cothaigh creat oibríochtaí agus comhlíontachta láidir.** | Próisis agus córais shoiléire i bhfeidhm maidir le bainistíocht oibríochtúil agus áiseanna. Taispeánann tagarmharcáil go bhfuilimid ailínithe le dea-chleachtas. Comhpháirtíochtaí comhoibritheacha. | Feidhmeannas | Leanúnach | • Róil agus freagrachtaí sainmhínithe maidir le háiseanna agus bainistíocht oibríochtúil.<br>• Uirlisí oibre comhoibritheacha comhtháite ar fud na hEagraíochta.<br>• Beartas riosca ceadaithe agus curtha i bhfeidhm. | Tuairisciú tréimhsiúil chuig an mBord. |

| Aidhmeanna Straitéiseacha | Toradh inmhianaithe / spriocthoradh | Úinéireacht | Amlíne | KPI / Beart | Sásra Faireacháin Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|
| **v) Forbair agus cuir i bhfeidhm Beartas agus Spriocanna ESG.** | Samhail ESG glactha. Comhlíontacht le Spriocanna ESG. | Bord / Feidhmeannas / Ardbhainistíocht | Leanúnach | • Forbairt, glacadh agus cur i bhfeidhm Plean ESG. | Tuairisciú rialta chuig an mBord. |
| **vi) Forbair agus cothaigh inbhuanaitheacht airgeadais.** | Maoiniú leordhóthanach ag Muintearas agus é ag feidhmiú de réir samhail ghnó inmharthana. Samhail mhaoinithe don todhchaí i bhfeidhm. | Bord / Feidhmeannas | Leanúnach | • Ioncam / maoiniú.<br>• Bunlíne.<br>• Clár comhardaithe.<br>• Rioscaí sainaitheanta agus gníomhartha maolaithe i bhfeidhm. | Nuashonruithe airgeadais rialta chuig an gCoiste Iniúchta / mBord. |
| **vi) Forbair agus cuir i bhfeidhm creata agus beartais TF oiriúnacha.** | Creat oiriúnach don fheidhm glactha agus curtha i bhfeidhm. | Feidhmeannas | Straitéis forbartha faoi R4 2026. | • Straitéis ceadaithe agus buiséad slánaithe.<br>• Céimeanna cur i bhfeidhm comhaontaithe.<br>• Costais leanúnacha sainaitheanta agus acmhainnithe. | Tuairisciú tréimhsiúil chuig an mBord. |
| **viii) Forbair agus seol Deais Tionchair Óige ar fud na Gaeltachta do thuairisciú arna thiomáint ag sonraí.** | Sonraí um Thionchar Óige inrochtana go héasca. | Feidhmeannas | Bliain 2/3 | • Deais forbartha agus seolta. | Tuairisciú tréimhsiúil chuig an mBord. |

# Muintearas
MOL AN POBAL, MOL AN ÓIGE

## Teagmháil


Muintearas,
Tír an Fhia,
Leitir Móir
Co. na Gaillimhe
H91 YE86

**Uimhir Ghuthán:**
091-379141
**Ríomhpoist:**
eolas@muintearas.com

Muintearas,
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,
Na Doirí Beaga, Leitir Ceannain,
Co. Dún na nGall
F92 XD8V

**Uimhir Ghuthán:**
074-9532578
**Ríomhpoist:**
eolas@muintearas.com